Bord Bainistíochta Tuairsc an Bhoird
Nollaig 2018

Board of Management Report
December 2018

Ar an 19 Eanáir 2016 ghlac na daoine seo a leanas comhaltas ar Bhord Bainistíocht na scoile dá téarma oifige reatha, agus gheall siad cloí leis na rialacha a bhaineann le dualgais an Bhoird de réir Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019 agus de réir na rialacha, na rialachán, na reachtaíochta agus na n-imlitreacha Roinne ábhartha eile ar fad a bhaineann le comhaltas agus le feidhmiú na mBord.

On the 19 January 2016 the following members of the Board formally accepted membership of the Board of Management of Scoil Aonghusa for its current term of office and undertook to adhere to the rules pertaining to duties as per the Governance Manual for Primary Schools 2015-2019 and all other relevant rules, regulations and legislation and Department of Education Circulars relating to the membership and operation of Boards.

Rhona Bn. Uí Cheallaigh – Cathaoirleach
Móinsíneoir Jim Ó Cearbhail
Edel Ní Bhroin – Príomhoide
Caitríona Ní Dhubhláin
Olivia Uí Shiail – Cisteoir
Joe Mc Ardle
Ivan Feran
Turlough Mc Kevitt

Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta sa scoil – Edel Ní Bhroin
Edel Ní Bhroin is the named Safety Officer in the school.

Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar an mBord – Ivan Feran
Ivan Feran is the named Safety Officer on the Board of Management.

Polasaí maidir le Caomhnú Leanaí : An Duine idirchaidrimh Ainmnithe ná Edel Ní Bhroin
Child Protection Policy: The Designated Liaison Person is Edel Ní Bhroin

Bhí cruinniú ag Bord Bainistíochta reatha na scoile ar na dátaí seo a leanas
The Board of Management met on the following dates

- **25 Meán Fómhair 2017**
- **20 Samhain 2017**
- **5 Feabhra 2018**
- **12 Feabhra 2018**
- **16 Aibreán 2018**
- **18 Meitheamh 2018**
- **24 Meán Fómhair 2018**
- **19 Samhain 2018**

Ag Cruinniú na Bliana de Chumann na dTuismitheoirí ar an 25 Meán Fómhair 2018 thug Bord Bainistíochta na Scoile cur i láthair ar oibreacha an Bhoird agus chuir Bord Bainistíochta na scoile i láthair an chruinnithe mar a bhí cúrsaí airgeadais na scoile i bhfoirm ráiteas chaiteachais agus teacht isteach don bhliain a chríochnaigh an 31 Lúnasa

2018. Tá scrúdú agus iniúchadh cuntaisí na scoile déanta ag Callan and Stringer Accountants.

At the AGM of Cumann na dTuismitheoirí on 25 September 2018 the Board of Management presented details about the workings of the Board and presented a Report of Income and Expenditure for the year ending 31 August 2018. The school accounts have been independently examined and certified by Callan and Stringer Accountants.

Le linn na scoilbhliana 2017/18 rinneadh athbhreithniú ar na polasaithe scoile seo:
During the academic school year 2017/18 the school carried out a review and the Board of Management ratified the following school policies:

- **Polasaí um Chaomnú Leanaí** *Child Protection Policy*
- **An Beartas um Chosaint Sonraí agus Choiméad Taifead** *Data Protection Policy*
- **Cód Araíonachta agus Iompar** *Code of Behaviour*
- **Polasaí Clárúcháin** *Enrolment Policy*
- **Polasaí ar Mheasúnú** *Policy on Assessment*
- **Polasaí ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta** *Relationships and Sexuality Policy*
- **Polasaí Oid. Speisialta** *Special Education Policy*
- **Plean Bainistíochta maidir le Teagmhais Chriticiúla** *Criticial Incident Policy*
- **Polasaí Frithbhulaíochta na Scoile** *Anti-Bullying Policy*
- **Obair Bhaile** *Homework Policy*
- **Ráiteas Slándála na scoile** *Safety Statement*
- **Polasaí ar chuirí breithleathanta** *School Policy on Birthday Invitations*

Mar chuid d'ár bplean feabhsúcháin scoile tá an scoil ag cur an-bhéim ar scríbhneoireacht na Gaeilge agus deiseanna saor scríbhneoireachta a thabhairt do na páistí. Tá portfóilió ag gach páiste agus samplaí d'obair na bpáistí a bhailiú acu. Téann na portfóilió seo ar aghaidh ó bhliain go dtí an chéad scoilbliain eile.

As a school we are placing an emphasis and focus on Irish writing and opportunities for the children to engage with free writing. Each child has a portfolio folder and the children have the opportunity to collect samples of their work. These portfolios follow the child from one class year to the next year and therefore track the children's progress.

Cuireann an scoil an-bhéim ar theanga na Mata, ag múineadh straitéisí do na páistí ar chonas fadbh a réiteach agus bhí deis ag na páistí tabhairt faoi chluichí Mata i ngrúpaí.

The school continues to place particular emphasis on the teaching of Mathematical language, teaching problem-solving strategies and giving the children the opportunity to engage with Maths games in small groups.

Tá Curaclam Teanga na Bunscoile á chur i bhfeidhm ó ranganna na Naíonán suas go Rang

2. Tá tuiscint na scoile á fhorbairt ar na haidhmeanna, modhanna múinte, pleanáil agus torthaí foghlama an pháiste mar atá leagtha sa churaclam. Tá fócas láidir ar cad ba chóir go mbeadh ar eolas ag an bpáiste agus cad ba chóir don pháiste a léiriú agus iad i mbun éispéaras foghlama.

The school is implementing the new Primary Language Curriculum for Junior Infants to Second Class and is developing an understanding of the aims, approaches, planning and intended learning for children as outlined by the Curriculum. The focus of the curriculum is on what children will know and be able to demonstrate through a range of language experiences and activities.

I rith na bliana seo caite tá Bord Bainistíochta na scoile tar éis alán airgid a chaitheamh ar fhoirgneamh na scoile – péinteáil timpeall na scoile, dallóga, seilfeanna agus cairpéad nua, péintéail ar ár ndromchla ar chlós na scoile, péint, dallóga agus fógraí nua i halla na scoile, cathaoireacha nua sa halla, obair déanta ar leithris na scoile le péint nua ar na ballaí agus úirnéil nua, fál nua adhmaid sa chlós ar chúl, soilsí nua éigeándála timpeall na scoile ar fad agus aláram dóiteáin nua. Tá ag éirí go maith leis an gcóras digiteach leabharlanna agus bíonn leabhair nua ceannaithe don leabharlann go rialta.
Gabhaimid buíochas ó chroí leis an bhfoireann ar fad a d'oibrigh go dian dícheallach chun an obair a chur i gcrích.

In the last twelve months the Board of Management has spent a lot of money on the upkeep of the school building for the good of the school community –painting around the school, new carpet, shelving units and window blinds, new paint designs and games on our asphalt surface on school yards, our school hall was freshly painted with new noticeboards, window blinds and new chairs, the toilets were freshly painted and new tiles and urinals installed, new emergency lighting around the school building and the installation of a new fire-alarm system. Our library digital logging system is working well and new books are continually added to our current collection of books.

Tá Bord Bainistíochta na scoile fíor bhuíoch as ucht an tacaíocht a thugann tuismitheoirí na scoile do himeachtaí na scoile. Tá Bord Bainistíochta Scoil Aonghusa fíor bhuíoch as flaithiúlacht Chumann na dTuismitheoirí agus an obair ar fad a dhéanann siad. Oibríonn Cumann na dTuismitheoirí go dian ar son na scoile.

The Board of Management appreciates the ongoing support of parents and wishes to acknowledge the substantial contributions made by Cumann na dTuismitheoirí to the school community. Cumann na dTuismitheoirí works hard for the good of our school.

An chéad tionscnamh eile atá ag an scoil ná uasghrádú a dhéanamh ar chúrsaí theicneolaíochta na scoile agus athchóiriú a dhéanamh ar níos mó seomraí ranga idir péint agus troscán nua. Rachaidh gach airgead sa bhreis a bhailítear i mbliana chuig na tionscnaimh áirithe seo.

The current project of the Board of Management is the upgrade of digital technology in our school and the redecoration of more classrooms with fresh paint and new furniture. All extra monies collected this year in the school will go towards these particular projects.

Imeachtaí Scoile – *School Events*

Seisiúin traenála don Bhord, Cúrsaí Inseirbhíse Múinteoirí ar Churaclam Teanga Nua na bunscoile, Ceardlann do thuismitheoirí agus daltaí Rang 4, 5 agus 6 ar shábháilteacht idirlín, Ranganna Ceoil- fidil, giotár, feadóg, fliúit shasanach, Seisiún Ceol Traidisiúnta, Cór na Scoile, Ceol le Geraldine gach Aoine, Snámh, Drámaí, Ceolchoirmeacha, Tionóil Chéiliúrtha d'ár seantuismitheoirí, Lá Lóin Shláintiúla, Lá Eolaíochta, Seachtain Mhata, Seachtain na Gaeilge, Lá Spóirt, Lá na Pancóga, turas chuig an raon Reatha, Céad Chomaoineach Rang 2, cur i láthair ACCORD, Fiontraí Óg, Cór na nÓg, Staonadh Digiteach. Tá ard-mholadh tuillte do na páistí a ghlac páirt i gcomórtas Tráth na gCeist, na cluichí agus traenáil peile agus cispheile, rince, díospóireacht, cluichí Mata, ceolchoirmeacha, dráma puipéad, comórtas fichille, , ríomhchlárú, Club Lego, Club Glas, Club Leabhar, comórtais ealaíne, Buddy Reading, foireann reatha na scoile agus Cairde sa Chlós.

Training Sessions for Board Members, In-service training for teachers on the New Language Curriculum, Internet Safety Workshop and Presentation for Parents and pupils in Rang 4, 5 and 6, Music Lessons and Classes- Fiddle, Guitar, Tin-Whistle, Recorder, Traditional Music Sessions, School Choir, Music with Geraldine every Friday, Swimming Lessons, Drama, Concerts, Gathering to celebrate Grandparents, Healthy Eating Day, Science day, Sport's Day, Maths Week, First Holy Communion for Rang 2, Pancake Day, ACCORD sessions in Rang 6, trips to the running track, Junior Entrepreneur Programme, National Youth Choir, Digital Detox. Congratulations to all the children who took part in the following- quizzes, football and basketball matches and training, debates, Maths games, concerts, puppet show, chess competition, Computer Programming, Lego Club, Club Glas, Book Club, art competitions, Buddy Reading, running team and Yard Buddies.

Ní neart go cur le chéile- Gabhann Bord Bainistíochta na scoile buíochas le Cumann na dTuismitheoití, Coiste na nDaltaí, foireann na scoile agus tuismitheoirí na scoile as ucht bhur gcabhair agus bhur dtacaíocht iomlán agus sinn ag obair go dian chun cinnte a dhéanamh go raibh bliain thaitneamhach agus thorthúil ag páistí na scoile. *The Board of Management expresses deep gratitude to the Parent's Association, Student's Council, Staff of the school and all parents for your support and dedication to our school as we worked together to ensure an enjoyable and beneficial year for the children.*

Scoil Aonghusa